# Mí na Samhna 2018: **Mí na Marbh**

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 ná ' Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoile Caitlicí seo á Ceiliúradh'. Táimid ag súil le SSC 2019 agus ag ullmhú chuige, agus baineann tábhacht ar leith leis go mbeadh dilchuimhne againn ar an mhuintir ghrámhar atá ar shlí na fírinne, trín gcreideamh atá againne san aiséirí a cheiliúradh. Cabhróidh an acmhainn seo le ceiliúradh 'Mí na Marbh' sna scoileanna, agus iad ag súil le SSC a cheiliúradh i rith na seachtaine dár dtús 27 Eanáir 2019.

**Tá imeacht Mhí na Samhna** fréamhaithe sa chreideamh atá againn sa mhéid a dúirt Íosa: 'Óir is é seo is toil leis an Athair, gach duine a fheiceann an Mac agus a chreideann ann, go mbeadh an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach. (Eoin 6:40).

Is é an dóchas atá ionainn mar Chríostaithe, nach é an bás an deireadh ar fad, ach nuair a tharlaíonn sé, go ndéanfar sinne a athaontú go síoraí le hÍosa i ríocht na bhflaitheas.

Tugtar an creideamh seo san aiséirí chun cuimhne in aitheasc an Phápa Proinsias a tugadh ag Aifreann Comórtha na Marbh ag reilig Prima Porta, 2016. Cuirtear i gcuimhne dúinn gur gealladh an saol síoraí i bhfochair Dé dúinn mar thoradh ar bhrón an bháis. Is é seo a dúirt an Pápa:

'Is rud débhríoch é comóradh na marbh. Bíonn cumha orainn, cuirtear i gcuimhne dúinn sa reilig go bhfuil ár muintir ghrámhar imithe uainn. Cuirtear ar na súile orainn go bhfuil an bás i ndán don uile dhuine againne.

Cé go mbíonn cumha orainn, bíonn na bláthanna a bhíonn á dtabhairt againn mar chomhartha dóchais don todhchaí. Measctar an brón agus an dóchas lena chéile. Baineann cuimhne na muintire grámhaire agus dóchas don todhchaí le ceiliúradh na marbh.

Tá an dóchas mar chabhair dúinn ar aistear na beatha. Tiocfaidh sí chun deiridh, luath nó mall. Beidh méid áirithe den fhulaingt ag baint léi. Má bhíonn an dóchas ionainn áfach, leanfaimid an bealach ceart, ní bheidh díomá orainn má bhímid ag súil le beatha nua an aiséirí.


Is é Íosa is túisce a chuir an turas seo de, agus leanaimid eisean ar an aistear a bhíonn romhainn. Is é Íosa a réitigh an bealach dúinn. Is trí Thuras na Croise a thug sé an dóchas dúinn go bhféadfaimis teacht i láthair Dé.

"Is eol dom go maireann mo chosantóir beo, agus go seasóidh seisean, an neach deireanach, an fód go daingean ar talamh. Dá bhfaighinn radharc ar mo Dhia agus mé díchollaithe, an té a d'fheicfinn, bheadh sé ar mo thaobh."

Smaoinigh inniu ar an dá rud seo: cuimhnígí ar an mhuintir ghrámhar atá ar shlí na fírinne, agus ar an aistear atá romhaibhse sa todhchaí. Thug Íosa gealltanas diongbháilte dúinn: "agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach." (Eoin 6:40).'

**Do na Paróistí**
Is féidir an t-imeacht seo a reáchtáil faoi choimirce na dtéamaí liotúirgeacha a bhaineann le Mí na Samhna agus le hAifreann na Marbh, nuair a chuimhnítear ar an mhuintir ghrámhar a fuair bás. Is féidir an tseirbhís urnaí a úsáid le páistí nó le déagóirí an pharóiste.

**Acmhainní:**
- Ábhar oiriúnach ón gcuraclam don oideachas reiligiúnach réamhscoile agus bunscoile Caitliceach in Éirinn
- Ceacht do na Sóisir (N. Bheaga – Rang 2 /P1–P4)
- Ceacht do na Sinsir (Rang 3 – Rang 6/ P5–P7)
- Seirbhís Urnaí Chuimhneacháin



# An Curaclam don Oideachas Reiligiúnach Réamhscoile agus Bunscoile Caitliceach in Éirinn

**Ón gCuraclam:**

**Leibhéal 1**
**Snáithe:** An Creideamh Críostaí
**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí
- Ba mhaith le Dia go mbeadh an uile dhuine sona ar neamh leis (1 Eoin 3:2; 1 Cor 13:12; CCC 1023)
- Tar éis bháis dúinn tugann Dia abhaile chun na flaithis muid (CCC 1020)

**Snáithe:** Liotúirge & Urnaí
**Snáithaonad:** Urnaí Bhreise
- Guí ar son na marbh, na n-easlán agus iadsan atá ar tí bháis

**Leibhéal 2**
**Snáithe:** An Creideamh Críostaí
**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí
- Gheall Íosa an bheatha nua dúinn ar thalamh is ar neamh
- I ndiaidh an bháis glaofaidh Dia orainn chun na flaithis (CCC 1011)
- Is é plean Dé é go mbeimid ag maireachtáil go síoraí in éineacht le hÍosa, le Muire, leis na haingil is leis na Naoimh ar neamh (CCC 1024)

**Snáithe:** Liotúirge & Urnaí
**Snáithaonad:** An Bhliain Liotúirgeach
- Ar Lá na Marbh déanann An Eaglais na mairbh a cheiliúradh, agus guí ar a son.

**Leibhéal 3**
**Snáithe:** An Creideamh Críostaí
**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí
- Bíonn Dia ag súil leis go mbeimid sona go síoraí ar neamh leis, toisc gur shlánaigh Íosa sinn (GS 18; CCC 1026)
- D'éirigh Íosa féin ó mhairbh agus chuaigh ar neamh ionas go bhféadfaimis An Bheatha Shíoraí a roinnt leis ar neamh (CCC 666–7)
- De réir Íosa, 'gach duine a chreideann ann, nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha shíoraí aige.'
- Creideann na Críostaithe go bhfuil saol nua in éineacht le hÍosa i ndán dóibh. Tugtar An Bheatha Shíoraí uirthi (1 Cor 15:23–4)
- D'aiséirigh Íosa chun na beatha síoraí. Tá an todhchaí chéanna i ndán dúinne (CCC 1016; 1 Cor 15:54–7)
- Creideann na Críostaithe go bhfeicfidh siad aghaidh Dé nuair a chailltear iad (1 Cor 13:12)

**Leibhéal 4**
**Snáithe:** An Creideamh Críostaí
**Snáithaonad:** An Bheatha Shíoraí
- Beidh gach rud fiúntach atá ar fáil ar domhan le fáil chomh maith ar neamh
- Cabhraíonn gach aon ghníomh ceanúil fial freastail le tógáil ríocht Dé
- Is é sonas na bhflaitheas é ná a bheith ag maireachtáil go grámhar tuisceanach i láthair Dé (CCC 1024, cf. 1026–7)
- Aiséireoidh na mairbh i gcruth eile ar Lá an Luain (Aiséirí an Cholainn; cf. LG 48; CCC 988–90, 1020)
- Táimid mar Chríostaithe, dóchasach i ngrásta Dé go roinneann na fíréin gach atá ar neamh leis (GS 18)
- Guíonn An Eaglais go slánófar cách (CCC 1058)
- Bíonn na Caitlicigh ag guí ar Lá na Marbh agus ar feadh na bliana ar son na ndaoine i bpurgadóir
- Guíonn An Eaglais, le linn an Aifrinn agus na hEocairiste ach go háirithe, go mbronnfar trócaire Dé ar chách

# Ceacht na Sóisear
# Naíonáin Shóisearacha – Rang 2 (P1–P4)

**Nótaí don Oide**

**Bíonn tráth Mhí na Samhna** ag díriú orainne mar lucht leanta Íosa, mar phobal lán de dhóchas. Táimid dóchasach as an ngealltanas a thug Íosa dúinn go mbeimid féin agus ár muintir in éineacht leis ar neamh.

Geallann Íosa dúinn go dtabharfar na fíréin abhaile ar neamh leis nuair a fhaigheann siad bás. Tá an lucht leanúna grámhar a fuair bás cheana féin ar neamh le hÍosa agus is féidir linne guí ar a son agus iarraidh orthu cabhrú linne.

I rith Mhí na Samhna agus ar Lá Fhéile na Marbh (2 Mí na Samhna), tugaimid ár muintir féin agus na cairde atá ar shlí na fírinne chun cuimhne.

Bíonn ár saol ar nós laethanta agus oícheanta an domhain álainn a chruthaigh Dia dúinn. Bímid óg agus aclaí ar maidin, ag aibiú agus ag dul in aois sa tráthnóna. Deirtear sa Bhíobla:


'Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir' (Cóiheilit 3:1).

**Nóta:** Caithfidh an múinteoir a bheith tuisceanach maidir leis an ábhar seo. Is féidir go mbeadh sé deacair ar phaistí áirithe déileáil leis, iadsan ar cailleadh duine dá muintir le déanaí ach go háirithe.

**Smaoinigh**

Téigh siar ar amanna éagsúla an lae: maidin, iarnóin, tráthnóna, oíche. Cad iad na cáilíochtaí a bhaineann le gach aon cheann acu? Cuir na ceisteanna seo leanas ar an rang:

- Cén t-am den lá atá ann?
- Conas a bhíonn a fhios againn cén t-am é?
- Cad iad amanna eile an lae?
- Cén difríocht atá ann idir lá is oíche?
- Cad atá sa saol mórthimpeall orainne a thugann fios an ama dúinn?
- Cad a tharlaíonn i rith an lae agus i rith na hoíche?



## Cíor

Tarlaíonn tráthanna agus imeachtaí éagsúla i rith an lae. Smaoinigh ar an tráthnóna:

- I Mí na Samhna, bíonn an tráthnóna ag dul i ndorchacht, an aimsir ag dul i bhfuaire agus an domhan ag ullmhú le sos a ghlacadh i rith an gheimhridh loim.
- I Mí na Samhna, tugaimid na daoine a fuair bás chun cuimhne. D'imigh siad ón domhan seo le saol úr a thosú in éineacht le Dia ar neamh, díreach mar a leanann éirí na gréine dubh na hoíche.
- Creidimid mar lucht leanúna Íosa, cé go n-imíonn siad uainn, go maireann ár muintir ghrámhar go síoraí le hÍosa ar neamh.  Bímid féin inár gcodladh istoíche, ach dúiseoimid le solas an lae.
- Dúiseoidh ár muintir grámhar le héirí gréine na Beatha Síoraí a chaitheamh ar neamh le Dia.

## Gníomhaíocht


I Mí na Samhna, tugaimid chun cuimhne ár muintir ghrámhar a fuair bás. Déanann An Eaglais é seo ach go háirithe ar Lá na Marbh. Le cabhrú linne smaoineamh ar na daoine seo, agus ag súil leis go bhfuil siad ag maireachtáil go síoraí le Dia ar neamh, cuirfimid ainmneacha nó pictiúir na ndaoine muinteartha linn a fuair bás ar na duilleoga ar leathanach gníomhaíochta na Sóisear. D'fhéadfadh gur ball teaghlaigh, nó cara, nó peata a bhí i gceist. Ansin cuir na duilleoga sin ar taispeáint i spás beannaithe an ranga. Is féidir iad a chrochadh ar chrann i bpotán, nó iad a ghreamú thart ar phictiúr den chrann.





## Tráth Mhí na Samhna

# Leathanach Gníomhaíochta do na Sóisir









# Ceacht na Sinsear

# Rang 3 – Rang 6 (P5–P7)

**Nótaí don Oide**

**Bíonn tráth Mhí na Samhna** ag díriú orainne mar lucht leanta Íosa, mar phobal lán de dhóchas. Táimid dóchasach as an ngealltanas a thug Íosa dúinn go mbeimid féin agus ár muintir in éineacht leis ar neamh.

Geallann Íosa dúinn go dtabharfar na fíréin abhaile ar neamh leis nuair a fhaigheann siad bás. Tá an lucht leanúna grámhar a fuair bás cheana féin ar neamh le hÍosa agus is féidir linne guí ar a son agus iarraidh orthu cabhrú linne.

I rith Mhí na Samhna agus ar Lá Fhéile na Marbh (2 Mí na Samhna), tugaimid ár muintir féin agus na cairde atá ar shlí na fírinne chun cuimhne.

Bíonn sé deacair cuimhneamh ar ghealltanas Íosa, nuair a fhaigheann duine muinteartha linn bás. Is féidir muinín a bheith againn i ngealltanas Íosa ón eachtra inar thug sé iníon Iáras ar ais ón mbás. Déanfaimid an mhíorúilt sin a scrúdú sa cheacht seo, agus i rith Mhí na Marbh chomh maith, ag díriú ar an mbealach is fearr a bheadh ann gan dearmad a dhéanamh ar an mhuintir ghrámhar a fuair bás.

Bíonn ár saol ar nós séasúr an domhain álainn a chruthaigh Dia dúinn. Bímid óg agus aclaí in earrach an tsaoil, faoi bhláth sa samhradh, ag aibiú agus ag dul in aois san fhómhar. Arsa an Bíobla, 'Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir (Cóiheilit 3:1).

**Nóta:** Caithfidh an múinteoir a bheith tuisceanach maidir leis an ábhar seo. Is féidir go mbeadh sé deacair ar phaistí áirithe déileáil leis, iadsan ar cailleadh duine dá muintir le déanaí ach go háirithe.

**Smaoinigh**

Déan plé i dtosach báire maidir leis an rud a chreideann na Críostaithe a tharlaíonn nuair a fhaighimid féin, nó duine muinteartha linn bás. Cén áit a dtéimid? Cad a tharlaíonn ag sochraid?

**Nóta:** 'Creidimid go gcuireann Dia glao chun na flaithis orainn nuair a fhaighimid bás' (CCC 1011); 'Is é plean De é go mbeimid ag maireachtáil go síoraí in éineacht le hÍosa, le Muire, leis na haingil is na Naoimh ar neamh' (CCC 1024).

Goilleann an bás orainn is cuma an é ball teaghlaigh, nó cara linn, nó peata linn a chailltear. Is nádúrtha an rud é a bheith faoi bhrón, a bheith feargach nó uaigneach nó trína chéile dá bharr.

Geallann Íosa dúinn go dtabharfar na fíréin abhaile ar neamh leis nuair a fhaigheann siad bás. Tá an lucht leanúna grámhar a fuair bás cheana féin ar neamh le hÍosa agus is féidir linne guí ar a son agus iarraidh orthu cabhrú linne.

I rith Mhí na Samhna agus ar Lá Fhéile na Marbh (2 Mí na Samhna), tugaimid chun cuimhne ár muintir féin agus na cairde atá ar shlí na fírinne.

**Cíor**

Is féidir tuiscint a bheith againn faoi ghealltanas Íosa ón eachtra inar thug sé iníon Iáras ar ais ón mbás. Tá an scéal le léamh i Soiscéal Naomh Matha.

Tá an mhíorúilt le sonrú i Matha 9:18-26 nó léigh an leagan thíos.

Chruinnigh na céadta duine thart ar Íosa, le go gcloisfidís a chuid briathra, le go bhfeicfidís a chuid míorúiltí. Bhí idir sean is óg ann, an duine saibhir is an duine bocht, an t-easlán agus iad sin a bhí ann lena bhriathra a chloisteáil.
Tháinig duine darbh ainm Iáras chuig Íosa. Bhí aithne ar Iáras toisc gur ceann urra na sionagóige é. Is eisean a d'fhéach chuige go raibh gach uile rud i gceart sa tsionagóg roimh na daoine a tháinig le haithne a chur ar Dhia. Bhí meas ag an bpobal ar Iáras.

Bhí fadhb mhór ag Iáras an lá áirithe seo. Bhí iníon leis a bhí dhá bhliain déag d'aois. Bhí sí tinn ar leaba sa bhaile. Bhí sí ar tí báis. Tháinig Iáras chuig Íosa toisc gur chreid sé go bhféadfadh sé an iníon a leigheas. D'impigh sé ar Íosa teacht go díreach, a lámh a chur uirthi, agus í a leigheas.

D'imigh Íosa chun an bhaile leis. Bhí fuadar faoi Iáras ach bhí daoine ag plódú isteach ar Íosa agus iad ag lorg cabhrach dóibh féin. D'fhan Iáras go foighneach a fhad is a chabhraigh Íosa leo. Ansin thug sé faoi deara go raibh cairde leis ag teacht ina threo. Thuig sé go maith go raibh drochscéala acu ón gcruth a bhí orthu. Dúirt siad le hIáras gan a bheith ag tathant ar Íosa a thuilleadh, toisc go raibh an iníon tar éis bháis. Bhí cumha an domhain ar Iáras. D'fhéadfadh Íosa cabhrú leis an iníon thinn, ach ní fhéadfaí duine a bhí imithe ar shlí na fírinne a thabhairt ar ais chun na beatha. Dodhéanta!

Thug Íosa faoi deara go raibh cumha agus eagla ar Iáras. Dúirt sé leis gan a bheith buartha, ach creideamh a bheith aige. D'imigh Íosa, Eoin, Séamas agus Peadar ón slua agus ba ghearr gur tháinig siad go teach Iáras. Bhí callán ar siúl taobh istigh. Bhí daoine ag caoineadh, ag olagón agus ag ullmhú don tórramh. Bhí an iníon ina luí marbh i measc an tslua léanmhair. Chuir Íosa an ruaig ar na daoine agus dúirt leo éirí as an raic toisc go raibh an cailín ina codladh agus go rabhthas ag cur isteach uirthi!

Bhí an slua ag magadh faoi Íosa toisc gur thuigeadar go maith nach raibh an cailín ina beatha. Ní raibh sí ag análú. Ní raibh an croí ag bualadh inti. D'imíodar ar aon nós, agus fágadh Íosa agus na deisceabail i dteannta na dtuismitheoirí. Rug Íosa greim láimhe ar an gcailín óg agus dúirt léi éirí. D'éirigh sise aniar láithreach agus shiúil sí thart. Dúirt Íosa lena muintir roinnt bia a sholáthar di. Bhí ionadh agus alltacht ar chách nuair a chonaiceadar ag dul thart í. Thuig siad an rud a rinne Íosa. D'athbheoigh sé an cailín a bhí marbh.

**Gníomhaíocht**

Déan cur síos ar an mhíorúilt amhail is dá mba rud é go raibh tú mar thuairisceoir do *Phreas na Gailíle* (Leathanach Gníomhaíochta na Sinsear).

**Gníomhaíocht Bhreise**

Déan smaoineamh nó plé faoi do mhuintir ghrámhar a fuair bás. D'fhéadfadh gur ball teaghlaigh, nó cara, nó peata a bhí i gceist.

Bain úsáid as na teimpléid ar leathanach gníomhaíochta na Sóisear le hainmneacha na ndaoine sin a scríobh síos. Ansin cuir na duilleoga ar taispeáint i spás beannaithe an ranga. Is féidir iad a chrochadh ar chrann i bpotán, nó iad a ghreamú thart ar phictiúr den chrann.

# Tráth Mhí na Samhna

## Leathanach Gníomhaíochta do na Sinsir

# Preas na Gailíle

## Cailín tugtha ar ais ó mhairbh!



# Seirbhís Urnaí

Is féidir an tseirbhís urnaí seo a reáchtáil sa seomra ranga, nó i halla nó seomra urnaí na scoile. Tabhair cuireadh do phobal an pharóiste más féidir, don sagart paróiste nó séiplíneach na scoile chomh maith. Is féidir cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí agus do sheantuismitheoirí chomh maith.

**Ábhar don Spás Beannaithe**
- Crann/leabhar/bosca cuimhneacháin
- Teimpléid líonta (Leathanach Gníomhaíochta na Sóisear)
- Éadach boird glas
- Coinneal
- Uisce coisricthe
- Cros chéasta

**Ceannaire:** Bail ó Dhia oraibh ar maidin. Déanaimid urnaí lena chéile inniu ar son bhaill teaghlaigh, agus na gaolta, na cairde, na comharsana a fuair bás. Bíonn cuimhne ar leith againn orthu i rith Mhí na Samhna, Mí na Marbh, agus muid ag smaoineamh ar an ngealltanas a thug Críost dúinn maidir leis an mBeatha Shíoraí. Bíonn dóchas beo ionainn go mbeidh siad go léir ag maireachtáil go sona lena chéile amach anseo ar neamh.
Cuirimid chun urnaí in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Amen.

**Amhrán Tosaigh:** Dia do Bheatha a Rí na nGrás

**Ceannaire:** Bíonn cumha orainn i dtaobh na ndaoine a fuair bás. Cuimhneoimid orthu trí na hainmneacha a scríobh, nó pictiúir a tharraingt ar na duilleoga urnaí, agus iad a chrochadh ar an gcrann cuimhneacháin. (*Nó is féidir iad a chur i mbosca cuimhneacháin nó ainmneacha a scríobh i leabhar cuimhneacháin*.) Tugann Íosa an dóchas agus an Soiscéal dúinn. Éistimis leis an Soiscéal sin anois.

**Léitheoir 1:** *Sliocht ó Leabhar Íseáia*
Ullmhóidh Tiarna na Slua ar an sliabh seo le haghaidh na gcinícha go léir cóisir saille, cóisir de rogha na bhfíonta, de smior na saille, de thogha agus de rogha na bhfíonta; agus tógfaidh sé ar shiúl an chaille bhróin a bhí ag clúdach na gciníocha go léir, agus an eisléine a bhí ag folach na náisiún uile; cuirfidh sé an bás ar ceal go deo.

Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir; tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile; óir is é an Tiarna a dúirt é.

Briathar an Tiarna.

**Cách:** Buíochas le Dia.

**Ceannaire:** Guímid lena chéile ar son na ndaoine a fuair bás. Is é an freagra ná: 'Go lonraí solas Chríost anuas orthu'.

**Cách:** *Go lonraí solas Chríost anuas orthu*.

**Léitheoir 2:** Ar son na seantuismitheoirí a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 3:** Ar son na dtuismitheoirí a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 4:** Ar son na n-oidí agus na mball foirne ón scoil seo a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 5:** Ar son na sagart agus pobal an pharóiste a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 6:** Ar son na ndaoine a fuair bás nach bhfuil cuimhneamh ar bith orthu. (*Freagra*)

**Léitheoir 7:** Ar son na ndaoine a fuair bás agus atá luaite ar an gcrann cuimhneacháin. (*Freagra*)

**Ceannaire:** Bhíodh Íosa i gcónaí ag guí chun Dé sna flaithis. D'iarr sé orainne guí chun an Athar chomh maith. Dá bhrí sin, mar a d'iarr Íosa orainn, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Cách:** Ár nAthair ...

**Ceannaire:** A Dhia ghrámhar, gabhaimid buíochas leat as saol na muintire grámhaire a fuair bás. Tabhair aire agus sólás don aicme atá go mór ina ndiaidh ag an tráth seo. Cuimhnímid ar an ngealltanas a thug tú dúinn go n-athaontófar lena chéile sinn ar neamh. Cuirimid ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.

**Cách:** Amen.

**Léitheoir 8:** Guímid go dtabharfaidh an Tiarna aire dúinn ar feadh an lae; go dtí go dtagann clapsholas agus oíche, go dtí go maolaítear ar ghleo an tsaoil, go dtí go mbíonn an brú agus an phráinn thart, agus go mbíonn cúraimí an tsaoil comhlíonta againn. Guímid go dtabharfaidh an Tiarna go trócaireach slán sinn, go mbeidh fáilte mhór shíochánta romhainn agus leaba i measc na naomh.

**Ceannaire:** In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

**Cách:** Amen.

**Iomann Deiridh:** Beannaigh Sinn a Athair